An Roinn Oideachais
Department of Education

# Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí

# An Clár Ábhar


Leathanach 3 — **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 4 — **Réasúnaíocht**

Leathanach 6 — **Aidhm**

Leathanach 7 — **Forbhreathnú: Naisc**

Príomhscileanna

Leathanach 11 — **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leathanach 17 — **Ionchais maidir le scoláirí**

Snáithe 1: An Chroí-chomphháirt
Snáithe 2: Compháirt Staideaéar an léinn chlasaicigh
Snáithe 3: Compháirt na teanga clasaicí

Leathanach 23 — **Measúnú agus tuairisciú**

Measúnú Rangbhunaithe 1: Ag úsáid miotas don scéalaíocht
Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 2): An Róimh, croílár impireachta
Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 3): Punann Teanga an Scoláire
An Tasc Measúnaithe
An scrúdú deiridh

Leathanach 29 — **Aguisín A:**

Gluais de Bhriathra Gnímh

Leathanach 31 — **Aguisín B:**

Gluais téarmaí a bhaineann leis an Léann Clasaiceach

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo: cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora; agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. Tógtar i gclár na sraithe sóisearaí ar a bhfuil foghlamtha ag an scoláire cheana agus tugtar tacaíocht dá chur chun cinn; agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

D'fhorbair smaointeoireacht an Iarthair i dtreonna éagsúla le dhá mhíle bliain anuas ach fanann an domhan clasaiceach a bhaineann leis an tSean-Ghréig agus an Róimh i gcroílár na smaointeoireachta sin. Is ábhar tábhachtach agus spreagúil é an Léann Clasaiceach sa lá atá inniu ann mar gheall air sin. Cuireann an litríocht agus ábhar Gréagach agus Rómhánach atá againn go fóill meán ar fáil dúinn trínar féidir linn dúshláin agus nuálaíochtaí, smaointe agus uaillmhianta na sibhialtachtaí tábhachtacha seo a raibh tionchar mór acu ar an domhan sa lá atá inniu ann, a iniúchadh, taithí a fháil orthu agus machnamh a dhéanamh orthu.

Is iomaí bealach atá ann tús a chur le staidéar a dhéanamh ar an nGréig agus ar an Róimh. D'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar theangacha clasaiceacha na Sean-Ghréigise agus na Laidine, nó staidéar a dhéanamh ar théacsanna clasaiceacha a aistríodh, nó staidéar a dhéanamh ar iarsmaí seandálaíochta. Ligeann na cineálacha staidéir uile sin dúinn tumadh i réimse leathan ábhar agus disciplíní, lena n-áirítear miotaseolaíocht, litríocht, teanga, stair, drámaíocht, fealsúnacht, polaitíocht, sochaí, ealaín agus ailtireacht.

Is féidir léirthuiscint a fháil ar éifeachtacht teanga clasaicí mar mheán cumarsáide idir daoine i sochaí a bhíodh ann fadó ach an teanga sin a fhoghlaim. Is féidir cosúlachtaí iontacha mar aon le héagsúlachtaí a aithint idir an tsochaí sin agus an tsochaí sa lá atá inniu ann. Is féidir linn an teanga a fhiosrú mar chóras, ag déanamh comparáid idir a struchtúir, foirmeacha agus nathanna cainte agus ár dteanga féin agus fréamhacha Gréigise nó Laidine a shainaithint i bhfocail a úsáidtear fós. Is féidir an áilleacht agus an tábhacht a bhaineann léi mar mheán chun na seánraí litríochta is mó agus na réimsí tábhachtacha a bhaineann le hiarrachtaí intleachtúla a chruthú agus a fhorbairt, cuir i gcás eipic, filíocht liriciúil agus dhrámatúil, stair, óráidíocht, fealsúnacht, reiligiún agus matamaitic. Forbróidh an scoláire a roghnaíonn conair na teanga clasaicí léirthuiscint ar an ról uathúil a bhíonn ag teanga i léargas a thabhairt ar shochaí agus conas a nochtar saol, creidimh, luachanna agus ionchais daoine trína dteanga.

Bíonn deis againn na domhain Ghréagacha agus Rómhánacha a fhiosrú le béim eile ach staidéar a dhéanamh ar fhoinsí clasaiceacha a aistríodh. Éascaíonn conair staidéar an léinn chlasaicigh fiosrú ar réimse leathan téacsanna agus cuireann sé ar chumas an scoláire meastóireacht chothrom a dhéanamh ar an méid a chuireann foinsí difriúla lenár dtuiscint ar an domhan ársa, lena n-áirítear ealaín, ailtireacht agus seandálaíocht. Téann an scoláire i ngleic le roinnt de na pearsana is suntasaí, is cumhachtaí agus is mealltaí ó stair agus ó mhiotais na Gréige agus na Róimhe, mar aon le samplacha iontacha den ealaín agus ailtireacht chlasaiceach. Forbraíonn sé pictiúr den domhan clasaiceach trí staidéar a dhéanamh ar shaothair eipiciúla, stairiúla, dhrámatúla agus fealsúnachta a aistríodh. Téann sé i ngleic le gnéithe éagsúla de chultúir ársa fhisiúla agus ábhartha, de réir mar a dhéantar an timpeallacht fhisiciúil ina mbíodh cónaí ar na Gréagaigh agus na Rómhánaigh a fhiosrú chun a gcuid smaointe, uaillmhianta agus modh maireachtála a nochtadh.

Spreagann an Léann Clasaiceach an foghlaimeoir freisin chun machnamh a dhéanamh ar 'an staid dhaonna' agus a chaipiteal agus a oidhreacht chultúrtha féin a cheistiú; cuidíonn sé sin leis an scoláire a bheith níos eolaí agus níos gníomhaí mar shaoránach go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda. D'fhág seaniarsmaí clasaiceacha oidhreacht iontach saothar dúinn ina dtéitear i ngleic le réimse leathan aincheisteanna buanseasmhacha daonna i mbealaí atá suntasach, úrnua agus speisialta. Léirítear an domhan clasaiceach ina chuid filíochta, litríochta, fealsúnachta, ealaíne agus ailtireachta agus cuirtear domhnán ar fáil dúinn chun ár ndearctha agus ár n-idé-eolaíochtaí féin a fhiosrú. Cuireann na Sean-Ghréagaigh agus na Rómhánaigh scáthán ar fáil dúinn dár sochaí féin, mar cé go bhfuil a socaí siúd i bhfad uainn, tá siad gar dúinn freisin toisc go bhfuilimid go mór faoi chomaoin acu.

Is féidir aoibhneas agus taitneamh a bhaint as staidéar a dhéanamh ar an Léann Clasaiceach agus bíonn sult intreach ann nuair a théitear i ngleic leis an ábhar. Cothaíonn agus forbraíonn an t-ábhar taobh samhlaíoch agus cruthaitheach an scoláire mar aon le hionbhá agus féinmhachnamh a spreagadh. Rud an-tábhachtach is ea go bhforbraíonn an scoláire, trí staidéar a dhéanamh ar an am atá caite, léirthuiscint ar an tábhacht a bhaineann le stair a chaomhnú agus a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile, mar áis luachmhar ann féin agus mar bhunús don am i láthair.

# Aidhm

Is é is aidhm leis sonraíocht an Léinn Chlasaicigh cur le forbairt léirthuisceana ar shibhialtachtaí na Sean-Ghréige agus na Róimhe agus ar an tSean-Ghréigis agus an Laidin. Spreagtar sa tsonraíocht féinléiriú sa scoláire, cuirtear féinmheas agus féinmhachnamh chun cinn, spreagtar samhlaíocht an scoláire, moltar íogaireacht i leith an ilchultúrachais, agus dá bhrí sin tacaítear le forbairt an duine iomláin.

Forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun dul i ngleic leis na sibhialtachtaí uathúla seo, agus trína dhéanamh sin, forbróidh sé an litearthacht fhisiúil, na scileanna criticiúla agus na hinniúlachtaí teanga atá riachtanach le dul i ngleic le domhan ilchineálach an lae inniu.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil an Léann Clasaiceach nasctha le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc mar a thugtar breac-chuntas orthu sa *Chreat don tSraith Shóisearach 2015*.

### TÁBLA 1: NAISC IDIR LÉANN CLASAICEACH NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA RÁITIS FOGHLAMA

| An ráiteas | Sampla d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 2: Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin. | Tabharfaidh an scoláire faoi gníomhaíochtaí agus tascanna teanga a dhíríonn ar leibhéal inniúlachta cuí a bhaint amach i dteanga chlasaiceach, ag cur ar a chumas léirthuiscint a fháil ar phríomhghnéithe agus litríocht na teanga roghnaithe. agus tuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha agus a n-athraíonn siad le himeacht ama. |
| RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil . | Rachaidh an scoláire i ngleic le traidisiún litríochta saibhir, siamsúil agus tábhachtach an domhain chlasaicigh, ag léamh agus ag smaoineamh go criticiúil ar ábhar, téamaí agus stíleanna scéalaíochta de réir mar a fhiosraíonn sé foinsí scríofa éagsúla ó inscríbhinní agus graifítí go dtí tragóid agus eipic. |
| RF 5: Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh. | Scrúdóidh an scoláire cásanna éagsúla ina ndéanann carachtair stairiúla agus mhiotasacha cinntí eiticiúla bunaithe ar a luachanna (idir phearsanta agus chultúrtha) agus déanfaidh sé na cinntí sin a mheas agus a phlé. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Fiosróidh an scoláire foinsí chun na luachanna, creidimh agus traidisiúin thábhachtacha a bhí mar bhonn eolais do shochaí na Gréige agus na Róimhe a shainaithint, agus déanfaidh sé iad a mheas i gcomhthéacs a chultúir agus a phobail féin. |
| RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Fiosróidh an scoláire na fórsaí polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a spreagann athrú sóisialta, ar nós chothromaíocht na cumhachta, dáileadh saibhris, dearcthaí i leith aitheantais agus cuir chuige i leith éagsúlacht chultúrtha.<br>Fiosróidh an scoláire an tionchar mór a bhí ag traidisiúin na Sean-Ghréige agus na Róimhe ar ealaín, ailtireacht, litríocht, polaitíocht agus fealsúnacht an iarthair. |
| RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Tá tuiscint ag an scoláire ar phatrúin agus ar chaidrimh trí dhul i ngleic le gnéithe a bhaineann le sanasaíocht, trí nósanna scéalaíochta a fhiosrú agus trí léirithe fisiúla agus ó bhéal ar charachtair mhiotasacha agus stairiúla a chur i gcomparáid lena chéile.<br>Scrúdóidh an scoláire an chaoi a léirítear eagraíochtaí agus nósanna sóisialta i spásanna príobháideacha agus poiblí, agus déanfaidh sé bunstruchtúir chultúr na Gréige agus na Róimhe a iniúchadh. |

| | |
|---|---|
| RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Oibríonn an scoláire amach coincheap cruthaitheach (ar nós scéil nó léiriú foirgnimh) agus cinneann sé an chaoi lena thabhairt chun críche. Baineann an próiseas seo le dul trí thobsmaointeoireacht, plé, taighde, cur i láthair, gabháil, meastóireacht agus machnamh. |

## Príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 1 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo

### FÍOR 1: OCHT BPRÍOMHSCIL NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS A GCUID GNÉITHE



Sainítear i dTábla 2 roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa Léann Clasaiceach. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

## TÁBLA 2: SAMPLAÍ DE NAISC IDIR LÉANN CLASAICEACH NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA PRÍOMHSCILEANNA


| An phríomhscil | Sampla de ghné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith uimheartha | Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchadh, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna | Trí thabhairt faoi thaighde thairbheach agus ábhartha agus trí mhachnamh a dhéanamh ar léirithe agus struchtúir chultúrtha, foghlaimíonn an scoláire na buntáistí agus faigheann sé taithí ar an sásamh a bhaineann le cur chuige córasach, loighciúil agus smachtaithe ar an bhfiosrúchán, réasúnaíocht agus réiteach fadhbanna. |
| A bheith liteartha | Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt | Déanfaidh an scoláire a fheasacht ar theanga a dhoimhniú trí fhiosrú mion a dhéanamh ar théacsanna i bhformáidí éagsúla. Éireoidh sé níos muiníní sa teanga ag cur lena stór focal agus ag foghlaim faoi shanasaíocht focal. Déanfaidh sé eochairfhocail agus eochairthéarmaí a bhaineann le disciplíní éagsúla a fhiosrú, litríocht, tíreolaíocht, stair, fealsúnacht, polaitíocht, ealaín agus ailtireacht ina measc. |
| Mé féin a bhainistiú | A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Foghlaimeoidh an scoláire le láidreachtaí agus laigí pearsanta a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu, a chuid roghanna agus cinntí a mheas, cuidiú a lorg agus a bheith oscailte don aiseolas ar bhealach a éascaíonn athbhreithniú agus feabhsú. Tabharfaidh sé seo spreagadh don scoláire úinéireacht a ghlacadh ar scileanna, coincheapa agus meoin áirithe a bhaineann leis an ábhar, agus beidh sé in ann a chumais agus a spéiseanna a fhorbairt ar bhonn leanúnach. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil | Déanann an scoláire forbairt agus léiriú an charachtair a fhiosrú trí staidéar a dhéanamh ar an eipic, ar dhrámaíocht agus ar scéalta miotasacha agus stairiúla eile. Úsáideann sé stór focal criticiúil cuí chun freagra cruthaitheach a thabhairt ar fhaisnéis fhisiúil agus ó bhéal agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a leithéid, de réir mar atá sé ag samhlú, ag fiosrú, ag míniú, ag tabhairt tráchtaireachta, ag achoimriú nó ag athdhearadh na bpíosaí a chuala, a chonaic nó a léigh sé. |
| A bheith cruthaitheach | Foghlaim go cruthaitheach ag samhlú | Féadfaidh an scoláire a shamhlaíocht a ligean saor thar dhisciplíní agus gníomhaíochtaí éagsúla, is cuma más ag déanamh iarrachta foirgneamh a atógáil óna iarsmaí, ag breathnú ar ghnáthshaol laethúil ó dhearcadh déagóra Rómhánaigh, nó ag cur radharc miotasach ar stáitse atá sé. |

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid | Plé agus díospóireacht | Baineann an scoláire taitneamh as na deiseanna rialta a chuirtear ar fáil dó a smaointe ar charachtair, luachanna, dearcthaí, ócáidí agus téamaí a roinnt, a phlé agus díospóireacht a dhéanamh orthu, agus foghlaimeoidh sé le glacadh le dearcadh agus an dearcadh sin a chosaint i mbealach atá freagrach agus áititheach. |
| Obair le daoine eile | Meas a léiriú ar an éagsúlacht | Foghlaimeoidh an scoláire le caidrimh lena chomhscoláirí agus le múinteoirí a láimhseáil le linn gníomhaíochtaí grúpa agus comhoibritheacha. Caithfidh sé am ag éisteacht go gníomhach le scoláirí eile agus ag roinnt smaointe go hionraic agus go leochaileach; foghlaimeoidh sé le meas a léiriú ar dhearcthaí agus smaointe daoine eile agus iad a chur san áireamh. |
| Fanacht folláin | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Glacfaidh an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí agus tascanna foghlama atá ilghnéitheach, spreagúil agus tairbhiúil, a spreagfaidh agus a mhúsclóidh a chuid fiosrachta agus a dhúil chun níos mó staidéir a dhéanamh ar an léann clasaiceach. Cothófar meon dearfach ann i leith foghlaim agus fás mar dhuine. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Tugtar deis don scoláire i sonraíocht Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí dul i ngleic le cultúr, litríocht, teangacha, ealaín agus cultúr ábhartha na Sean-Ghréige agus na Róimhe i mbealaí éagsúla. Tá trí shnáithe sa chúrsa seo agus tabharfaidh an scoláire faoi **phéire** de na snáitheanna sin. Ní mór do gach scoláire tabhairt faoin gcéad snáithe, **an Chroí-chomhpháirt**. Ina theannta sin, beidh rogha ag an scoláire tabhairt faoi **chomhpháirt amháin** den phéire seo a leanas: **Staidéar an Léinn Chlasaicigh** (snáithe 2) **nó** an **Teanga Chlasaiceach** (snáithe 3). Tá 100 uair an chloig d'am teagmhála scoláire leagtha síos i gcomhair gach snáithe.

FÍOR 2: SNÁITHEANNA LÉANN CLASAICEACH NA SRAITHE SÓISEARAÍ



# Snáitheanna

## SNÁITHE 1: AN CHROÍ-CHOMHPHÁIRT

Sa snáithe seo, cuirfidh an scoláire eolas ar na príomhghnéithe a bhaineann le cultúr na Gréige agus na Róimhe trí scéalaíocht mhiotasach a fhiosrú agus trí fhírinne an ghnáthshaoil laethúil sa domhan ársa a scrúdú.

Faigheann an scoláire léargas ar luachanna, idé-eolaíochtaí agus nósanna cultúir sa rogha **miotas** agus tugtar comhthéacs uathúil dó chun ceisteanna tábhachtacha a fhiosrú i gcomhthéacs spleodrach agus neamhbhagrach. Músclaíonn miotais ceisteanna ar an gceart agus an olc agus ar bhrí na beatha; léiríonn siad ábhar dóchais, imní agus uaillmhianta sibhialtacha. Bíonn siad cumhachtach ag cabhrú leis an scoláire patrúin a aithint i dteanga, ag spreagadh a chumais samhlaíochta agus chruthaitheachta, ag cur samplaí ar réiteach fadhbanna agus ar chinnteoireacht ar fáil dó, agus ag cabhrú leis scileanna i bplé agus sa chomhoibriú a fhorbairt.

Cuireann **saol laethúil** na nGréagach agus na Rómhánach léargas eile ar fáil ar na sibhialtachtaí ársa seo; is féidir a saolta a fhiosrú trí fhoinsí saibhre agus éagsúla, ón ailtireacht agus léirithe ealaíonta go dtí graifítí agus téacsanna litríochta. Déanfaidh an scoláire scrúdú ar an mbealach ina gcuireadh oideachas ar dhaoine, a nósanna agus gnásanna laethúla, conas ar éirigh le daoine d'aicmí sóisialta difriúla agus inscne dhifriúil sa tsochaí, agus na caidrimh idir daoine agus na déithe.

Cabhróidh tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs inar cruthaíodh na miotais agus léargais a fháil ar an saol laethúil a bhí ag daoine sa domhan ársa leis an scoláire a chumas chun a luachanna agus a dhearcthaí féin a cheistiú agus a mheas a fhorbairt, agus dá bhrí sin éireoidh sé níos machnamhaí ina chaidrimh agus beidh níos mó feasachta aige ar a fhreagrachtaí i leith daoine eile agus mar shaoránach i bpobal.

## SNÁITHE 2: COMHPHÁIRT STAIDÉAR AN LÉINN CHLASAICIGH

Sa snáithe seo, foghlaimeoidh an scoláire faoin saol poiblí sa domhan ársa trí bhreathnú ar dhinimic shóisialta na heipice Gréagaí, agus an nasc atá idir spás poiblí chathair na Róimhe agus stádas na Róimhe mar phríomhchathair agus mar shiombail na himpireachta a fhiosrú.

I n**Domhan Aichill,** déanann an scoláire léiriú Hóiméir ar achrann idir ceannairí Gréagacha a iniúchadh chomh maith leis an gcogadh a bhí ag na ceannairí Gréagacha seo le cathair na Traí san Íliad. Déanann an scoláire machnamh ar chinntí, gníomhartha agus mothúcháin an laoich Aichill nuair a léann sé na sleachta is suntasaí ón eipic mhór iontach le Hóiméar. Cuireann an scoláire Aichill i gcomparáid le laochra eile – idir laochra atá san Íliad agus laochra i ndomhan an lae inniu – agus cuireann sé fearg Aichill i gcodarsnacht le freagraí eile sa domhan ársa agus lena luachanna agus a dhearcthaí féin.

Leis an dearcadh seo déanann sé cód iompair 'laochais' a iniúchadh, ina ndéantar uaillmhianta maidir le sármhaitheas, onóir agus cáil a chothromú leis an ngá a bhíonn le dínit agus comhbhá, agus fulaingt, costas daonna agus moráltacht an chine dhaonna a aithint. Rachaidh an scoláire i dtaithí ar uirlisí agus teicnící filíochta Hóiméir atá iad sách aisteach, na scéalta miotasacha agus na háiteanna a bhaineann le Cogadh na Traí; plota casta an Íliad agus na carachtair atá ann. Déanfaidh an scoláire iad sin a iniúchadh le foinsí físiúla chomh maith.

Sa **Róimh, croílár impireachta**, tugann tírdhreach mór agus casta na Róimhe léargas don scoláire ar shaol poiblí, stair agus polaitíocht na ndaoine ar éirigh leo, idir an 2ú haois RCh agus an 3ú haois AD, impireacht ó Mhuir Éireann chuig Murascaill na Peirse a chloí agus a choinneáil. Téann an scoláire i dtaithí ar na cineálacha ailtireachta Rómhánacha is tábhachtaí agus déanann sé dianstaidéar ar thrí fhoirgneamh, struchtúr nó láthair a roghnaíodh ó aonaid riaracháin, foirgnimh fóillíochta, foirgnimh mhíleata agus séadchomharthaí cuimhneacháin iomadúla na Róimhe. Déanann sé feidhmeanna na

bhfoirgneamh sin a fhiosrú agus samhlaíonn sé é féin mar chuairteoir ag imeacht stairiúil a bhaineann leis na foirgnimh seo, cuir i gcás mórshiúl an bhua, féile nó cluichí gliaireacha.

Déanann sé iniúchadh ar an státaire nó an tImpire Rómhánach a choimisiúnaigh na foirgnimh, agus na cúiseanna praiticiúlachta agus idé-eolacha a bhí lena dtógáil. Ar an mbealach sin, faigheann sé léargas ar an mbealach ar chruthaigh na Rómhánaigh príomhchathair dá gcathair mhór agus a thaispeáin siad a gcumhacht agus a saibhreas agus déanfaidh sé machnamh ar an gcaoi a bhfuil an oidhreacht sin ar fáil le fiosrú ina cheantar féin. Cuirfidh an staidéar seo ar shaol poiblí an domhain ársa le cumas an scoláire dinimic na sochaí nua-aoisí agus a thimpeallacht shóisialta agus fhisiciúil féin a cheistiú.

## SNÁITHE 3: COMHPHÁIRT NA TEANGA CLASAICÍ

Foghlaimíonn an scoláire a roghnaíonn an snáithe seo **Laidin nó an tSean-Ghréigis**, agus dá bharr sin bíonn fáil aige ar litríocht, smaoineamh agus stair sibhialtachta atá mar fhréamh do chultúr an iarthair. Foghlaimíonn sé chun téacsanna Laidine nó na Sean-Ghréigise a léamh, a anailísiú agus léirthuiscint a fháil orthu, ag díriú ar réim litríochta an mhiotais agus ar réim stairiúil an ghnáthshaoil laethúil. Déanann sé iniúchadh ar chineálacha éagsúla téacsanna, ó scéalta, dánta agus dialóga ar stáitse go dtí inscríbhinní, óráidí agus tuairiscí stairiúla. Glacann an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí a chabhraíonn leis léirthuiscint a fháil ar an Laidin nó ar an tSean-Ghréigis mar theanga a labhraíodh, a chloiseadh agus a scríobhadh fíordhaoine le cumarsáid a dhéanamh lena chéile; áirítear leis na gníomhaíochtaí sin aistriúchán a dhéanamh ar na téacsanna éagsúla sin, ciall a bhaint astu agus iad a chumadh chomh maith.

Foghlaimíonn sé teanga a raibh tionchar ollmhór aici ar nuatheangacha an iarthair ach atá i bhfad uathu chomh maith. Tá codarsnacht, anailís chórasach, smaointeoireacht loighciúil agus baint sanasaíochta ina ndlúthchuid den snáithe seo mar sin. Anuas ar dheis a chur ar fáil don scoláire taitneamh a bhaint as an teanga a labhair na Sean-Ghréagaigh nó na Rómhánaigh, tógtar ar mhuinín an scoláire ina theanga dhúchasach sa snáithe seo mar aon le teangacha eile a labhraíonn sé, chomh maith lena scileanna anailíseacha a neartú, scileanna a bhíonn tairbhiúil in ábhair eile chomh maith.

Cé go leagtar amach na torthaí foghlama faoi cheannteidil snáithe, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar. Barrfheabhsaítear rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite i snáithe 1 (an chroí-chomhpháirt) agus an snáithe eile a roghnaíonn sé (snáithe 2 nó snáithe 3).

Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí gach snáithe i ngrúpaí ach tagairt a dhéanamh do ghnéithe. Is iad na gnéithe sin:

- scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú
- struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú.

## Gnéithe


### SCÉALTA A LÉAMH AGUS LÉIRITHE A FHIOSRÚ

Déanfaidh an scoláire sochaithe na Sean-Ghréige agus na Róimhe a fhiosrú trína dtéacsanna, litríocht agus a dteanga, agus trí ealaín, ailtireacht agus cultúr ábhartha na sochaithe. Sa ghné seo, téann an scoláire i ngleic le bealaí éagsúla ar féidir gnéithe difriúil cultúir a léamh agus a fhiosrú. Déanann sé a nádúr, saintréithe agus luachanna a fhiosrú, agus déanann sé iniúchadh ar an mbealach a léirítear stair agus scéalta na bpobal agus na ndaoine aonair agus a n-insítear iad. Ligeann na scéalta agus an stair seo don scoláire tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a bhfeidhmíonn cultúr, a n-athraíonn sé le himeacht amach, a mbíonn rath air agus an t-idirghníomhú a bhíonn aige le cultúir eile.

### STRUCHTÚIR, PATRÚIN, LUACHANNA AGUS IDÉ-EOLAÍOCHTAÍ A ANAILÍSIÚ

Sa ghné seo rachadh an scoláire i ngleic le gníomhaíochtaí foghlama a spreagann é machnamh a dhéanamh ar 'struchtúir dhoimhne' chultúr na Sean-Ghréige agus na Róimhe de réir mar a thaispeántar iad sna scéalta agus sna léirithe ar a ndéanann sé staidéar. Áirítear sna struchtúir sin na creidimh, na hionchais, na caidrimh agus na hionchais shóisialta is tábhachtaí; na móitífeanna, na téamaí agus na teachtaireachtaí i scéalta; agus na modhanna, na catagóirí agus na patrúin atá ag an teanga. Faigheann an scoláire amach céard is féidir leis a fhoghlaim maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíodh sochaí tríd an iliomad struchtúr, iompar agus nasc a aimsíonn sé a cheistiú agus ceangal a fháil idir na gnéithe sin a bhaineann leis an seansaol agus a thaithí agus a dhomhan féin.

**FÍOR 3: SAINTRÉITH CHOMHTHÁITE NA SNÁITHEANNA AGUS NA NGNÉITHE**




Dearadh Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí le haghaidh íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Socrófar na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta agus beidh an measúnú deireanach, a mheasfar go seachtrach, ag leibhéal comónta.

Dearadh sonraíocht an Léinn Chlasaicigh le cuidiú leis an múinteoir taithí foghlama bhríoch agus spreagúil a phleanáil don scoláire trína gcuirtear ar a chumas eolas, scileanna, tuiscint agus luachanna

a fhorbairt, chomh maith le cuidiú leis an fheasacht atá aige mar fhoghlaimeoir a fhorbairt. Is féidir leis an múinteoir a phleanáil go ndíreofar ar phríomhscileanna a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí scoláire-lárnacha, agus a aithint nach gá go gcuirfí ar chumas an scoláire an réimse iomlán scileanna in aon ghníomhaíocht amháin ar bith. Is féidir deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí níos mionsonraithe agus níos cuimsithí a thabhairt isteach nuair a bheidh an mhuinín agus an cumas forbartha ag an scoláire chun príomhscileanna a chur i bhfeidhm i gcásanna a bhíonn ag síordhul i gcastacht.

Tá sé d'aidhm ag an tsonraíocht seo cothromaíocht a bhaint amach idir doimhneacht agus leithead staidéar an ábhair. Tugann sé sin méid áirithe solúbthachta agus saoirse don mhúinteoir chun an fhoghlaim a éascú ar bhealach a léiríonn roghanna, fiosracht agus meon cruthaitheach an scoláire féin. Ba chóir gnóthachtáil na dtorthaí foghlama a phleanáil ar bhealach atá gníomhach, spreagúil agus a thagann le taithí agus ionchais an scoláire ar an bhfíorshaol.

## Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

### CURACLAM NA BUNSCOILE

Tá réimsí staidéir a bhaineann leis an Léann Clasaiceach le feiceáil i gcuraclam *Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta: Staire*. Tá tagairtí do mhiotais agus finscéalta agus sibhialtachtaí na Gréige agus na Róimhe le fáil sna cláir do rang a trí, a ceathair, a cúig agus a sé. Tagann miotais agus finscéalta faoi cheannteideal an tsnáithe **Scéalaíocht**, ach dírítear ar na Gréagaigh agus na Rómhánaigh in aonad staidéir eile atá mar chuid den snáithe ar **Pobail agus sochaithe ársa**. Cuirtear béim sa tsonraíocht staire ar fad ar fhorbairt scileanna agus coincheap áirithe a bhaineann leis an stair lena n-áirítear:

- obair le fianaise
- tuiscint ar am agus ar chroineolaíocht
- cúis agus éifeacht
- athrú agus leanúnachas a iniúchadh
- ionbhá a léiriú.

Maidir leis an aonad staidéir ar mhiotais agus fhinscéalta, de bharr staidéar a dhéanamh ar an aonad seo, ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- éisteacht le raon miotas agus finscéalta ó chúlraí éagsúla cultúrtha, eitneacha agus creidimh in Éirinn agus i dtíortha eile, iad a phlé, a athinsint, agus a thaifeadadh
- croineolaíocht na n-imeachtaí sna scéalta a phlé
- gníomhartha agus mothúcháin na bpearsan a phlé
- na miotais agus na finscéalta a cheangal le creideamh, luachanna agus traidisiúin na ndaoine ónar tháinig siad
- nathanna cainte agus coinbhinsiúin a fhaightear i miotais agus an chaoi a n-insítear iad a phlé (m.sh. áibhéil, athrá, fantaisíocht, scigphictiúr)
- téamaí agus gnéithe comhchoiteanna atá le fáil i miotais agus i bhfinscéalta pobal éagsúil a iniúchadh agus a phlé
- scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí iad a insint nó a scríobh, nó trí obair ealaíne, drámaíocht, mím nó gluaiseacht agus trí theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid.

Déanfaidh an scoláire na rudaí seo a leanas faoin snáithe P**obail agus sochaithe árs**a, áit a gcasfaidh sé ar dhomhain na Sean-Ghréige agus na Róimhe:

- eolas a chur ar an bhfianaise a insíonn dúinn faoi na pobail seo, go háirithe aon fhianaise fúthu atá ar fáil go háitiúil, agus an fhianaise sin a scrúdú go criticiúil
- ionaid na bpobal seo a chlárú ar línte ama cuí
- eolas a chur ar roinnt gnéithe de shaol na ndaoine seo, lena n-áirítear bia, feirmeoireacht, éadaí, obair, teicneolaíochtaí, an méid ar éirigh leo a bhaint amach ó thaobh an chultúir agus na n-ealaíon de, fóillíocht agus caitheamh aimsire, creideamh agus gnásanna diaganta agus gaolmhaireacht na ndaoine seo le sibhialtachtaí eile.

Tagann na huaillmhianta agus na haidhmeanna sin go mór le bunús Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí agus pléitear iad laistigh de na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a tharlóidh trí na torthaí foghlama sa tsonraíocht seo.

## AN TSRAITH SHINSEARACH

Tá naisc láidre ann le siollabais na Sean-Ghréigise, na Laidine agus an Léinn Chlasaicigh san Ardteistiméireacht. Nascann an t-eolas agus na scileanna ar fad atá á bhforbairt ag an scoláire i rith na sraithe sóisearaí go láidir leis an siollabas don Léann Clasaiceach agus do theangacha sa tsraith shinsearach. Tá tuiscint chriticiúil ar an gcaoi a bhforbraíonn sibhialtachtaí, an chaoi a gcuirtear in iúl iad, feasacht ar theanga mar mheán chun eolas agus luachanna a aistriú, agus an tionchar a bhíonn ag na rudaí sin ar smaointeoireacht agus ar fheasacht féin an scoláire a cheistiú, ina scileanna tábhachtacha don scoláire agus é ag dul go dtí an tsraith shinsearach. Bainfidh an scoláire a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ar cheachtar den dá theanga chlasaiceacha don Ardteistiméireacht leas as an leanúnachas agus as an ailíniú dlúth idir na scileanna teanga a bhí mar chuid den tsraith shóisearach. Ag tógáil ar thorthaí foghlama Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí, is é aidhm na siollabas Ardteistiméireachta tuilleadh forbartha a dhéanamh ar neamhspleáchas an fhoghlaimeora agus cabhrú leis an scoláire straitéisí a fhorbairt le haghaidh foghlaim éifeachtach teanga.

I Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí cuirtear gníomhaíochtaí seomra ranga i láthair an scoláire a spreagann comhoibriú, cruthaitheacht, nuálaíocht agus cumarsáid, agus tá siad sin ar fad ina gcuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- atá thar barr ar fad
- atá os cionn na n-ionchas
- atá ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an Léann Clasaiceach sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Cuirtear béim sa tsonraíocht gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus dá bharr sin cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa Léann Clasaiceach go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Chun cabhrú le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le scoláirí na torthaí foghlama a fhiosrú, tá gluais de na briathra gnímh a úsáidtear sa tsonraíocht le fáil in Aguisín A. Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin, ná níltear ag moladh iontu ord inar chóir na torthaí foghlama a fhorbairt sa seomra ranga. Cuirtear Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le difreáil agus cleachtais chuimsitheacha an tseomra ranga.

## Snáithe 1: An Chroí-chomhpháirt: Miotas

| Gnéithe | Torthaí foghlama |
|---|---|
| | *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
| **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** | 1.1 léiriú físiúil a chruthú den mhiotas a bhfuil an téama, móitíf nó teachtaireacht is fearr leis ann agus é seo a roinnt lena chomhscoláirí<br>1.2 an chaoi a léirítear déithe/bandéithe agus laochra/banlaochra i bhfoinsí físiúla a fhiosrú<br>1.3 scrúdú a dhéanamh ar theicnící scéalaíochta agus nósanna a bhaineann le plota agus carachtair a fhorbairt de réir mar a úsáidtear i scéalta miotasacha iad<br>1.4 feidhmiú mar scéalaí trí mhiotais a athinsint ina fhocail féin ag úsáid stór focal agus stíl chuí<br>1.5 comhoibriú lena chomhscoláirí chun miotas nó scéal a chruthú, ag cuimhneamh ar na nósanna cuí agus ar na teachtaireachtaí atá le cur in iúl |
| **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** | 1.6 móitífeanna, téama, luachanna agus teachtaireachtaí na miotas a fhiosrú<br>1.7 dearcthaí i leith nósanna inscne agus gnéis a léirítear i miotais a phlé<br>1.8 pointí lárnacha agus na pointí is fearr leis an scoláire ó na miotais a roghnú, agus cinntí agus gníomhartha na gcarachtar ag na pointí sin a mheas<br>1.9 a aithint go mbíonn leaganacha difriúla de mhiotais ann agus an chúis atá leis na difríochtaí sin a fhiosrú<br>1.10 nathanna cainte a bhaineann le miotais Ghréagacha agus Rómhánacha a aithint agus iad a úsáid go cuí i gcomhthéacsanna eile (mar shampla, *teannán Aichill*, *cófra Phandóra*) |

## Snáithe 1: An Chroí-chomhpháirt: Gnáthshaol laethúil

| Gnéithe | Torthaí foghlama<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
|---|---|
| **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** | 1.11 saol laethúil duine óig a chónaigh sa domhan ársa a scrúdú agus a chur i gcomparáid le saol duine óig sa lá atá inniu ann (mar shampla, oideachas, caitheamh aimsire, cairde)<br>1.12 scrúdú a dhéanamh ar ar féidir linn a fhoghlaim ó fhianaise sheandálaíochta agus fhísiúil ar an saol laethúil sa domhan ársa<br>1.13 léiriú fisiúil ar theach Gréagach nó Rómhánach a chruthú agus cur síos a dhéanamh ar fheidhmeanna seomraí agus spásanna éagsúla<br>1.14 comhoibriú lena chomhscoláirí chun gairm roghnaithe ón domhan ársa a scrúdú (mar shampla feirmeoir, bansagart, múinteoir, saighdiúir, mairnéalach nó cnáimhseach)<br>1.15 taithí daoine aonair ó aicmí sóisialta difriúla i sochaí na Gréige agus na Róimhe a fhiosrú (mar shampla fear agus bean, saoránach agus neamhshaoránach, duine saor agus sclábhaí, saibhir agus daibhir) |
| **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** | 1.16 creidimh reiligiúnacha, cleachtais agus gnásanna laethúla coitianta a fhiosrú, ag déanamh machnamh ar a gcuspóir agus an tionchar a bhíodh acu ar shaol na ndaoine a chleachtadh iad<br>1.17 na rialacha, dualgais agus caidrimh i dteaghlaigh Ghréagacha, Rómhánacha agus sa lá atá inniu ann a fhiosrú<br>1.18 comhoibriú lena chomhscoláirí chun gné a bhaineann leis an saol laethúil sa domhan ársa a athchruthú (mar shampla bia, spraoi, paidreoireacht, freastal ar imeacht nó ar scoil)<br>1.19 an difríocht idir caidrimh agus iompar na ndéithe/mbandéithe agus na ndaoine i miotais agus na gnásanna agus na hionchais i ngnáthshaol laethúil an domhain ársa a phlé<br>1.20 téarmaí coitianta sa Ghréigis agus sa Laidin a bhaineann le saol laethúil agus na díorthuithe nua-aimseartha a aithint agus a mhíniú (mar shampla, *domus*, *familia*, *oikos*, *paterfamilias*) |

## Snáithe 2: Comhpháirt Staidéar an léinn chlasaicigh: Domhan Aichill

| Gnéithe | Torthaí foghlama<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
|---|---|
| **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** | 2.1 cúlra miotasach Chogadh na Traí a mhíniú<br>2.2 seifteanna agus teicnící filíochta a bhaineann le filíocht eipice a léiriú le samplaí (mar shampla, buafhocail, samhlacha, caint leataoibh, athrá)<br>2.3 na príomhláithreacha a bhaineann leis an *Íliad* agus a chúlra stairiúil a shainaithint ar mhapa<br>2.4 punann de phríomhcharachtair ón *Íliad* a chruthú i gcomhar lena chomhscoláirí<br>2.5 iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear carachtair ón *Íliad* i bhfoinsí fisiúla (mar shampla vásaí agus dealbha ársa, péintéireachtaí agus scannáin nua-aoiseacha)<br>2.6 léiriú na laochra san *Íliad* a chur i gcomparáid le léiriú na ndaoine nár throid ach a raibh tionchar ag Cogadh na Traí orthu (mar shampla, tuismitheoirí, mná agus searbhóntaí) |
| **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** | 2.7 cinntí agus gníomhartha Aichill a mheas i gcomparáid le cinntí agus gníomhartha laochra eile san *Íliad*<br>2.8 coincheapa agus focail Ghréigise choitianta a bhaineann le heipic Hóiméir a aithint (mar shampla, t*imé*, *kleos*, *aidós*, *areté*, *pathos*)<br>2.9 an caidreamh idir na déithe/bandéithe agus na daoine daonna san *Íliad* a fhiosrú<br>2.10 cód onóra a chruthú do laochra/banlaochra nua-aoiseacha le tagairt do chód Hóiméir<br>2.11 foinsí ársa eile ina bpléitear fearg (mar shampla, Arastatal, Plútarc, Seinice) agus an chaoi a ndéileáiltear leis an mothúchán sin san *Íliad* a chur i gcomparáid |

# Snáithe 2: Comhpháirt Staidéar an léinn chlasaicigh: An Róimh, croílár impireachta

| Gnéithe | Torthaí foghlama<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
|---|---|
| **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** | 2.12 cineálacha ailtireachta poiblí Rómhánach a shainaithint (mar shampla, uiscerian, áirse an bhua, amfaitéatar, folcadáin)<br>2.13 feidhmeanna agus leasanna trí fhoirgneamh nó spás phoiblí roghnaithe a scrúdú<br>2.14 é féin a shamhlú ag ócáid nó ag gníomhaíocht a bhaineann le gach ceann de na trí shuíomh a roghnaíodh, agus tráchtaireacht a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú agus cén fáth agus ar a bhfuil i láthair<br>2.15 comhoibriú lena chomhscoláirí chun léiriú den fhoirgneamh nó suíomh Rómhánach is fearr leo a chruthú<br>2.16 téarmaí coitianta a bhaineann le hailtireacht Rómhánach a aithint agus a mhíniú (mar shampla, *thermae*, *portico*, *capital*, *aqueduct*, *dome*) |
| **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** | 2.17 stair, sochaí agus an saol poiblí sa Róimh a fhiosrú trí fhoirgnimh, struchtúir agus spásanna poiblí<br>2.18 gairmeacha agus spriocanna polaitiúla na bpearsan stairiúil a choimisiúnaigh na foirgnimh, struchtúir nó spásanna roghnaithe a iniúchadh<br>2.19 foirgneamh Rómhánach a chur i gcomparáid le foirgneamh atá ina cheantar áitiúil<br>2.20 díospóireacht a dhéanamh ar thairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla foinsí fianaise stairiúla (mar shampla, ealaín, ailtireacht, inscríbhinní agus litríocht) |

## Snáithe 3: Comhpháirt na teanga clasaicí

| Gnéithe | Torthaí foghlama<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:* |
|---|---|
| **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú:**<br>téacsanna Laidine nó Sean-Ghréigise a thuiscint agus taitneamh a bhaint astu | 3.1 an bhrí atá le focail choitianta agus le frásaí coitianta a aithint<br>3.2 an bhrí ghinearálta atá le téacs ar thopaicí coitianta a thuiscint<br>3.3 faisnéis shonrach a shainaithint i dtéacsanna ar thopaicí coitianta<br>3.4 buntéacsanna liteartha a phlé lena chomhscoláirí<br>3.5 aistriúcháin chruinne, anótáilte agus athruithe de réir mar is gá, a dhéanamh go neamhspleách ar abairtí agus ar shleachta nach bhfuil ró-chasta ar thopaicí coitianta<br>3.6 focail, frásaí agus abairtí shimplí a fhuaimniú le dóthain cruinnis agus tuin chainte chuí go dtuigfí é<br>3.7 focail agus frásaí coitianta a bhaineann le réimsí ábhartha agus intuigthe a aithint (nuair atá sé ag éisteacht)<br>3.8 stór focal agus rialacha gramadaí a fhiosrú trí bheith ag scríobh, ag críochnú agus ag athrú frásaí agus abairtí simplí<br>3.9 scrúdú a dhéanamh ar an méid is féidir linn a fhoghlaim ón teanga faoi róil shóisialta, gnásanna agus luachanna an tsaoil laethúil<br>3.10 acmhainní teanga atá ar fáil trí mheáin éagsúla a shainaithint agus a fhiosrú lena chomhscoláirí |
| **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú:**<br>feasacht teanga agus scileanna anailíseacha a fhorbairt | 3.11 patrúin teanga amhail cineáil focal, athrú tuine, feidhmeanna gramadaí, ord na bhfocal agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid<br>3.12 réasúnaíocht loighciúil a mhíniú ar an léirmhíniú áirithe a dhéanann sé ar fhrása nó ar abairt<br>3.13 sainmhíniú a oibriú amach d'fhocail agus leaganacha focal nach bhfaca sé cheana trí nasc a fháil idir na focail sin agus focail agus leaganacha focal atá ar eolas aige agus an comhthéacs ina bhfuil siad<br>3.14 an chaoi a bhféadfadh rogha focal, comhréir, gramadach agus struchtúr téacs athrú de bharr seánra, cuspóra agus comhthéacs a aithint, chomh maith leis an gcaoi a bhféadfaidís athrú le himeacht ama<br>3.15 comparáid a dhéanamh idir gramadach agus stór focal na sprioctheanga agus iad sin i dteangacha eile atá aige, agus naisc agus idirdhealuithe á ndéanamh de réir mar is cuí<br>3.16 sanasaíocht focal i nua-theangacha a thagann ón Laidin nó ón tSean-Ghréigis a iniúchadh<br>3.17 monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a chumas féin sa teanga agus ar straitéisí foghlama teanga ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur air agus spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhais<br>3.18 comhoibriú lena chomhscoláirí chun acmhainní foghlama teanga a chruthú agus iad a roinnt |

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith in rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit thábhachtach ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar ábhar tacaíochta measúnaithe atá ar fáil ar líne. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, dírítear ar ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta

- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais measúnaithe.

Áireofar san ábhar tacaíochta ar líne an réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuireann ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an Léann Clasaiceach le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí dhá Mheasúnú Rangbhunaithe, agus scrúdú deiridh. Lena chois sin, beidh Tasc Measúnaithe scríofa i gceist leis an dara Measúnú Rangbhunaithe a mharcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i dteannta an Mheasúnaithe Deiridh. Cuirfidh an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe do shnáithe 1 i gcrích (i dtreo dheireadh an dara bliain) agus ansin an dara Measúnú Rangbhunaithe do shnáithe 2 (comhpháirt staidéar an léinn chlasaicigh) **nó** snáithe 3 (comhpháirt na teanga clasaicí) sa dara téarma den tríú bliain. Cuirfear na measúnuithe ar fad ar fáil ag leibhéal comónta

## Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Léann Clasaiceach

Marcóirí soiléire atá sna Measúnuithe Rangbhunaithe do Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí i dturas foghlama an scoláire, agus iad ina gcuid lárnach freisin de mheasúnú leanúnach agus de ghnáthchleachtas seomra ranga. Sa dóigh seo tá siad cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn i dtrá agus tuile idirghníomhaíocht an tseomra ranga a tharlaíonn gach lá sa rang. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire.

Beidh trí Mheasúnú Rangbhunaithe mar chuid de Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí agus ní mór don scoláire tabhairt faoi dhá mheasúnú, ag teacht leis na snáitheanna a roghnaigh sé. Bainfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le hobair an scoláire le linn na dara agus na tríú bliana d'oideachas na sraithe sóisearaí.

Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna agus an meán seo a leanas don scoláire:

- comhoibriú le daoine eile ar iarrachtaí cruthaitheacha
- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ag baint úsáid as réimse cuí modhanna
- é féin a chur in iúl i gcomhthéacs neamh-bhriathartha
- cumarsáid éifeachtach a dhéanamh go muiníneach
- tuiscint a fhorbairt ar an ngaol idir an domhan clasaiceach agus a dhomhan féin
- machnamh a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus a roghanna.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Ag úsáid miotas don scéalaíocht

Bhí scéalta ann ó thús an chine dhaonna. Ó na scéalta a insíodh sna pictiúir in uaimheanna ársa go dtí na scéalta a insítear do pháistí óga, tá scéalta ina gcuid dár stair agus treoraíonn siad ár dtodhchaí. Baineann go leor cumhachta leo agus tá siad ina gcuid de gach cultúr. Múintear moráltacht sna scéalta seo agus féadfaidh siad stair a mhúineadh chomh maith. Cuireann siad siamsaíocht ar fáil dúinn. Cuireann siad ag smaoineamh muid faoi rudaí i mbealaí nár bhreathnaíomar orthu roimhe go dtí seo. Cuireann siad ag gáire muid. Cuireann siad ag caoineadh muid. Bíonn insint scéalta i gcroílár an naisc a bhíonn idir daoine.

Baineann luachanna móra leis an scéalaíocht don duine a insíonn an scéal mar aon leis na daoine a éisteann leis an scéal. I measc na luachanna a chothaíonn an scéalaíocht ina rannpháirtithe, tá an luach go gcuireann sí feabhas lenár scileanna litríochta agus samhlaíochta. Cuirimid lenár gcumas éisteachta, labhartha, samhlaithe agus cumtha. Cuireann an scéalaíocht lenár bhfeasacht ar ár gcultúr féin mar aon le cultúr daoine eile, ligean sí dúinn tuiscint níos fearr a fháil orainn féin agus spreagann sí mothúcháin ionann mar go bhfuilimid mar bhall de ghrúpa.

Bíonn an scéalaíocht cumhachtach ag cabhrú leis an scoláire patrúin a aithint i dteanga, ag spreagadh a chumais cruthaitheachta, ag cur samplaí ar réiteach fadhbanna agus ar chinnteoireacht ar fáil dó, agus ag cabhrú leis an scoláire scileanna i bplé agus san iompraíocht idirphearsanta chomhoibríoch a fhorbairt. Is iomaí cineál scéal atá ann a insítear ar son cúiseanna difriúla. Is gné amháin a bhaineann leis an domhan iontach seo den scéalaíocht an mhiotaseolaíocht.

Is í an mhiotaseolaíocht an fhoirm is aosta den scéalaíocht agus is é an sainmhíniú is fearr atá ar mhiotais ná scéalta nó sraith scéalta a bhfuil ciall shiombalach shuntasach do chultúr ar leith iontu. Tugtar scéalta dúinn i miotais faoi shibhialtachtaí agus na deacrachtaí a bhí acu maireachtáil agus a mbuanna i gcoinne sainte agus oilc. Is minic a mbíonn déithe agus bandéithe, leathdhéithe, laochra/banlaochra osnádúrtha agus daoine iontu. Cuirtear taithí spioradálta agus córais chreidimh seanbhunaithe, traidisiúin chultúrtha agus eiseamláirí iompair in iúl iontu agus bíonn go leor ciall shiombalach leo chomh maith.

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo forbraíonn an scoláire a chumas scéalaíochta féin, ag cur teicnící na scéalaíochta i bhfeidhm chun a mhiotas féin a chumadh, chun treoirleabhair scéalaíochta a ullmhú, chun miotas eile a oiriúnú nó chun miotas a chur i láthair lucht éisteachta. Agus miotas á chumadh aige, nó miotas atá ann á oiriúnú do chomhthéacs nua, foghlaimeoidh an scoláire le smaoineamh a thabhairt ar aghaidh ó cheapadh go réadú. Féadfar an miotas a chur i láthair i gcomhthéacs nua-aimseartha, nó i gcomhthéacs an domhain ársa, ach ní mór cloí le gnásanna agus teicnící a bhaineann le miotas a scríobh de réir mar a fiosraíodh iad sa seomra ranga.

Déanfaidh an scoláire na rudaí seo a leanas a fhiosrú tríd an Measúnú Rangbhunaithe seo:

- na buntáistí agus na cuspóirí a bhaineann le miotas a úsáid mar mhodh scéalaíochta
- na príomhghnéithe a bhaineann le miotas ar insíodh go maith é
- an chaoi a bhforbraítear miotas agus a n-ullmhaítear é le chur i láthair lucht éisteachta
- a chumas scéalaíochta a fhorbairt agus a fheabhsú trí mheán an mhiotais.

Féadfaidh an scoláire a mhiotas a chur i láthair i mbealaí éagsúla le cuir chuige éagsúla, nó in aon bhealach ina léirítear éirim an scéil atá á insint aige; an teachtaireacht nó an mhoráltacht atá sé ag iarraidh a chur in iúl. D'fhéadfadh an scoláire na roghanna seo a leanas a fhiosrú:

- dráma a dhéanamh de scéal nó miotas
- leagan nua de mhiotas a scríobh
- a mhiotas féin a scríobh
- miotas nó finscéal ata ann cheana a oiriúnú
- cartún nó úrscéal grafach a chruthú bunaithe ar fhinscéal nó miotas
- miotas a chur in iúl go fisiúil.

Ní liosta uileghabhálach é seo, úsáidtear é chun chur chuige nó stíl a d'fhéadfadh an scoláire a úsáid a mholadh. Is féidir leis na roghanna thuasluaite forluí ar a chéile, níl teorainn ar bith leis an rogha is féidir leis an scoláire a dhéanamh. Is féidir an scéal a chur i láthair i bhfoirm scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun bunbhrí a smaointe a thabhairt le fios.

Cuirtear béim ar chuspóir agus tuiscint an mhiotais a fhiosrú mar fhoirm agus mar mhodh scéalaíochta agus tá an bhéim sin mar bhonn ag an Measúnú Rangbhunaithe seo.

Cuirfidh an scoláire an Measúnú Rangbhunaithe seo i gcrích i dtreo dheireadh an dara bliain.

## Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 2): An Róimh, croílár impireachta

**Tabharfaidh an scoláire a roghnaíonn snáithe 2, comhpháirt staidéar an léinn chlasaicigh, faoin Measúnú Rangbhunaithe seo.**

Tá dhá thosaíocht ag baint leis an Measúnú Rangbhunaithe seo: deis a thabhairt don scoláire taighde neamhspleách a dhéanamh, agus a chuid scileanna cumarsáide agus comhoibrithe a fhorbairt.

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, cuirfidh an scoláire taifead le chéile ar an gcuairt a shamhlaíonn sé a thug sé ar **fhoirgneamh poiblí**[1] i gcathair na Róimhe. **Ní féidir** foirgneamh a ndearnadh staidéar air mar chuid de shnáithe 2 (comhpháirt staidéar an léinn chlasaicigh) a roghnú. D'fhág an scoláire (agus é ag taisteal leis féin nó le cara leis) a bhaile beag faoin tuath don lá agus tá sceitimíní air cuairt a thabhairt ar chathair mhór na Róimhe. Ba chóir don scoláire foirgneamh a roghnú a bhfuil baint aige le caitheamh aimsire nó fóillíocht, nó leis an gceannaire polaitiúil nó impire reatha, agus taifead mionsonraithe a chur ar fáil ar an gcuairt a thug sé ar an bhfoirgneamh sin nó ar imeacht ar ar fhreastail sé san fhoirgneamh sin.

D'fhéadfadh an scoláire na míreanna seo a leanas a léiriú sa taifead (mar shampla):

- cé a cheadaigh tógáil an fhoirgnimh nó tionscadail seo, agus cén fáth ar údaraíodh é?
- cé na foirgnimh eile a cheadaigh an t-impire/ceannaire céanna?
- roinnt scéalta suimiúla a thabhairt ó shaol an impire/cheannaire sin
- cé a théann chuig an ionad go hiondúil?
- cén chúis agus cén fheidhm atá leis an bhfoirgneamh?
- céard a rinne tú ann?
- cén leagan amach atá ar an taobh istigh agus taobh amuigh?
- tagairt do phíosa litríochta ina luaitear an foirgneamh seo.

Ba chóir go mbeadh mionsamhail nó léiriú fisiúil eile ar an bhfoirgneamh leis an taifead, ag tacú leis an gcur síos a dhéantar ar an struchtúr, an fearann agus na seomraí éagsúla ann.

Féadtar formáid ar bith a úsáid chun an t-eolas sin a chur in iúl. Mar shampla, d'fhéadfaí blag, vlag, alt ar shuíomh gréasáin, póstaer, tuairisc nuachta, agallamh nó cur i láthair le ceannaire baile a dhéanamh.

Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe le scoláire amháin eile nó le grúpa. Ach, is é an ról a bhí ag an scoláire féin agus an obair a rinne sé féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 3): Punann Teanga an Scoláire

**Tabharfaidh an scoláire a roghnaíonn snáithe 3, comhpháirt na teanga clasaicí, faoin Measúnú Rangbhunaithe seo.**

Forbraíonn gach scoláire punann teanga thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Dírítear i bpunann teanga an scoláire ar an bpróiseas chun teanga chlasaiceach a fhoghlaim agus cuirtear an foghlaimeoir i gcroílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Tugann sé deis don scoláire atá ag foghlaim teanga chlasaiceach spriocanna pearsanta a leagan síos, chun tabhairt faoi fhoghlaim teanga agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim, agus chun fiosrú na nasc atá idir an teanga chlasaiceach agus an cultúr clasaiceacha a fhorbairt agus a bhreacadh síos, rud a thacaíonn dá bhrí sin leis na torthaí foghlama i snáithe a haon (an chroí-chomhpháirt).

Áirítear i bpunann teanga an scoláire raon leathan míreanna, amhail téacsanna scríofa, tionscadail, ábhair chlosamhairc, taifid foghlama, machnamh an scoláire agus spriocanna foghlama. Is féidir leis an scoláire a théacs a chur i láthair i bhformáidí éagsúla – i bhfoirm scríofa, dhigiteach, go hilmhódach, nó in aon fhormáid eile a mheasann an scoláire a bheith oiriúnach chun bunbhrí a smaointe a thabhairt le fios.

1 Is féidir struchtúr, ionad, foirgneamh nó spás poiblí a úsáid mar 'fhoirgneamh'.

Tugtar deis don scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo ceiliúradh a dhéanamh ar a éachtaí mar fhoghlaimeoir teanga trí mheáin éagsúla ach trí phíosa a roghnú ón bpunann a chuir sé le chéile le himeacht aimsire agus iad a chur i láthair le haghaidh measúnú.

D'fhéadfaí na roghanna seo a leanas a chur isteach sa phunann:

- amhrán nó neamónach le cabhrú le foircinn na mbriathra nó ciall na dtuiseal a mheabhrú
- teaghlaigh focal le cabhrú chun stór focal na Laidine agus/nó sanasaíocht na Gaeilge nó an Bhéarla a aithint
- ailt i nGaeilge nó i mBéarla inar anailísíodh an téacs agus inar aithníodh focail ann a bhfuil fréamhacha na Gréigise/na Laidine leo
- dialóg sa teanga chlasaiceach
- straitéis chun dul i ngleic le haistriúcháin buntéacsanna
- tráchtaireacht ar an teanga atá i bpíosa dílis litríochta a ndearnadh staidéar air sa teanga chlasaiceach
- píosa gairid a cumadh i gcineál téacs a bhaineann leis na seanteangacha (mar shampla, mana teaghlaigh, píosa graifítí nó inscríbhinn ar uaigh)
- stiallghreannán ar an ábhar a roghnaíodh

Beidh ar an scoláire trí mhír a roghnú as a phunann le measúnú a dhéanamh orthu sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo. Ní mór go mbainfeadh píosa amháin le hinsealbhú teanga, píosa eile le téacsanna dílse, agus ba chóir go mbainfeadh an tríú píosa le sibhialtacht chlasaiceach. Teastaíonn comhpháirt theangeolaíoch sa phíosa deiridh sin, ach ní chaithfear díriú ar an spriocthteanga amháin

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun obair an scoláire a mheas. Beidh na gnéithe cáilíochta ar fáil sna *Treoirlínte Measúnaithe don Léann Clasaiceach*. Cuirfidh an scoláire dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích; measúnú amháin do shnáithe 1 (an chroí-chomhpháirt) agus ansin measúnú amháin eile do shnáithe 2 (comhpháirt staidéar an léinn chlasaicigh) nó snáithe 3 (comhpháirt na teanga clasaicí).

| Measúnú Rangbhunaithe | An measúnú a chur i gcrích | Crinniú AFMA[2] meeting |
|---|---|---|
| **Ag úsáid miotas don scéalaíocht (snáithe 1)** | Téarma a trí sa dara bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |
| **An Róimh, croílár impireachta (snáithe 2)** | Téarma a dó sa tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |
| **NÓ** | | |
| **Punann teanga an scoláire (snáithe 3)** | Téarma a dó sa tríú bliain | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú i Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí, ina leagtar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an t-ábhar agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh obair an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne ar fáil ar

2 Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair..

líne san ábhar tacaíochta measúnaithe de chuid an CNCM freisin le húsáid i measúnú rangbhunaithe leanúnach Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## An Tasc Measúnaithe

Cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe foirmiúil scríofa i gcrích atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil i dteannta an scrúdaithe deiridh don Léann Clasaiceach. Nascann an Tasc Measúnaithe leis na tosaíochtaí a bhaineann leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, agus braitheann na tosaíochtaí sin ar an snáithe a roghnaíonn an scoláire. Bainfidh na tosaíochtaí le snáithe Staidéar an léinn chlasaicigh (snáithe 2) nó le snáithe na Teanga Clasaicí (snáithe 3). Cuirfear deis ar fáil don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm maidir le hionbhá a dhéanamh le daoine ó chultúir dhifriúla agus ó ré dhifriúil, agus bainfidh sé úsáid as an tuiscint sin chun machnamh a dhéanamh ar a luachanna agus a struchtúir féin. Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairt a thuisceana ar chultúir eile agus ar léirithe na gcultúr sin
- a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus a chumas chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu, sa todhchaí
- a chumas machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas taighde agus tuairimí agus breithiúnais bunaithe ar fhianaise a dhéanamh

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an páipéar seo a shocrú agus a mharcáil, agus bronnfar 90% de na marcanna iomlána don mheasúnú deiridh ina leith. Mairfidh an scrúdú dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl ag deireadh na tríú bliana. Le linn an mheasúnaithe sin, iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh.

Freagróidh gach scoláire na ceisteanna a bhaineann le snáithe 1, an chroí-chomhpháirt, agus freagróidh an scoláire na ceisteanna a bhaineann leis an snáithe a roghnaigh sé, snáithe staidéar an léinn chlasaicigh (snáithe 2) nó snáithe na teanga clasaicí (snáithe 3).

I mbliain amháin ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó tháblaí na dtorthaí foghlama.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín A: Gluais de Bhriathra Gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathra gnímh | Cur síos |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Argóin** | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun críche meon duine a athrú nó a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| **Bain de thátal as** | teacht ar chonclúid bunaithe ar an eolas a thugtar |
| **Bain tátal as** | torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuiscint; tuig níos mó ná mar a cuireadh in iúl go litriúil |
| **Ceap** | rud éigin a phleanáil, tuilleadh sonraí a thabhairt faoi nó a cheapadh ó phrionsabail nó smaointe atá ann cheana |
| **Cruthaigh** | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| **Cuir i láthair** | rud a thabhairt leat, a thairiscint nó a thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí |
| **Cuir i ngrúpa** | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| **Cuir síos** | rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Déan díospóireacht** | caint fhoirmiúil ar choincheap nó ar ábhar ar leith ina gcuirtear argóintí éagsúla chun cinn. |
| **Fiosraigh** | dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| **Forbair** | rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion |

| Briathra gnímh | Cur síos |
|---|---|
| **Iniúch** | anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirigh** | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| **Léirigh** | rud a chur in iúl nó a lua; aird a tharraingt ar rud |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Liostaigh** | tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise |
| **Meas** | meastachán a dhéanamh ar luach, ar thábhacht nó ar chaighdeán ruda |
| **Measúnaigh (faisnéis)** | faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh** | use drawings or examples to describe something |
| **(breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Mol** | rud a thairiscint nó a mholadh lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Sainmhínigh** | míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap |
| **Scrúdaigh** | argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh |
| **Tabhair cur síos/míniú gairid** | ráiteas gearr a thabhairt ar na príomhphointí amháin |
| **Tabhair le fios** | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Tras-scríobh** | smaointe, urlabhra, sonraí a chur isteach i bhfoirm scríofa nó clóscríofa; an méid a chloistear i gcarachtair nó in abairtí a scríobh síos |
| **Úsáid** | eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh |

# Aguisín B: Gluais téarmaí a bhaineann leis an Léann Clasaiceach

Cuireadh an ghluais seo leis an tsonraíocht chun brí théarmaí an Léinn Chlasaicigh a mhíniú mar a fheictear iad sa tsonraíocht seo le cuidiú leat í a thuiscint.

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Aonaid riaracháin** | Foirgnimh nó láithreacha poiblí ina ndéantaí gnó an rialtais nó ina gcuirtí cúrsaí dlí i gcrích, m.sh. tithe na comhairle, baisleaca agus fóraim. |
| **Athrú tuine** | Athrú ar fhoirm an fhocail chun catagóirí gramadaí a chur in iúl, m.sh. tuiseal, inscne, uimhir, pearsa agus aimsir. |
| **Buafhocal** | Focal nó frása tuairisciúil a úsáidtear go minic in eipic chun cur síos a dhéanamh ar dhuine, rud nó áit chun tréith nó gné a chur in iúl, cuir i gcás ‘go tapa ar a chosa’ (Aichill) nó ‘gainmheach’ (Pulas). |
| **Caint leataoibh** | Uirlis stíle a úsáidtear sa litríocht nuair a imíonn an t-údar ón bpríomhábhar atá faoi chaibidil, mar shampla, chun faisnéis ar chúlra duine nó ócáide a chur ar fáil nó chun scéal beag suimiúil eile a fhiosrú. |
| **Cultúr ábhartha** | Earraí agus déantúsáin fhisiciúla a chabhraíonn linn cultúr na ndaoine, agus na ceangail shóisialta a bhaineann leis an gcultúr sin, a fhiosrú agus a thuiscint. |
| **Cultúr físiúil** | Gné cultúir a chuirtear in iúl trí íomhánna físiúla. |
| **Eipic** | Dán scéalaíochta fada ar ghníomhartha agus ar ghaiscí laochra, ina mbíonn miotas, finscéal, béaloideas agus stair. Is minic a mbíonn tábhacht náisiúnta le heipicí mar gheall go léirítear stair, luachanna agus uaillmhianta an phobail iontu. |
| **Foirgnimh fóillíochta** | Foirgnimh a d’úsáidtí do shiamsaíocht phoiblí agus i gcomhair sosa agus scíthe, m.sh. amfaitéatair, sorcais, amharclanna agus tithe folctha. |
| **Léirithe cultúrtha** | Téacsanna, litríocht agus teanga, ealaín, ailtireacht agus cultúr ábhartha, a chruthaigh daoine, trína bhfiosraímid agus trína bhfoghlaimímid an chaoi a bhfeidhmíonn agus a bhforbraíonn cultúr an phobail sin, agus an ceangal atá idir é agus cultúir eile. |
| **Miotas** | Scéal traidisiúnta a bhaineann le stair fhinscéalach pobail. Téann miotais i ngleic le neacha osnádúrtha agus le déithe, mar aon le laochra agus banlaochra iontacha daonna. Is minic a dtugtar míniú iontu ar chleachtas cultúrtha áirithe, ar nós deasghnátha nó nóis. |

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| **Samhail** | Nath cainte ina gcuirtear rud amháin i gcomparáid le rud eile atá difriúil. Is iondúil go n-úsáidtear focail 'amhail', 'mar' agus 'ar nós' ag tús samhla agus go ndéantar comparáid fhada mhionsonraithe ann. |
| **Sanasaíocht** | Staidéar ar bhunús focal agus an chaoi a n-athraíonn brí agus feidhm na bhfocal sin le himeacht ama. |
| **Séadchomharthaí comórtha** | Séadchomharthaí a dhéanann comórtha ar ócáid nó duine tábhachtach, m.sh. áirsí an bhua, colúin agus másaileím. |
| **Téacs** | Úsáidtear an téarma téacs le haghaidh an iliomad cineál téacsanna mar shampla inscríbhinn; sliocht ó mhiotas, eipic nó tragóid; píosa graifítí, íomhánna fisiúla agus scéalta. |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© 2022 Government of Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS